C/2026/557

27.1.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú
(Cás M.12215 — SAGARD UK / UNIGESTION PE)
Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/557)

1. An 19 Eanáir 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Sagard UK Management Limited ('Sagard UK', an Ríocht Aontaithe), atá faoi rialú Power Corporation of Canada (Ceanada),

— Unigestion Private Equity Holdings SA ('Unigestion PE', an Eilvéis).

Gheobhaidh Sagard rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Unigestion ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht domhanda ilstraitéiseach bainistíochta sócmhainní malartacha é Sagard UK, atá faoi rialú deiridh agus indíreach Power Corporation of Canada, cuideachta bainistíochta agus sealbhaíochta idirnáisiúnta atá dírithe ar sheirbhísí airgeadais i Meiriceá Thuaidh, san Eoraip agus san Áise.

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh é Unigestion PE a infheistíonn i gcuideachtaí meánmhargaidh ar fud an domhain.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12215 — SAGARD UK / UNIGESTION PE

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.